An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe
Approved Housing Bodies Regulatory Authority

| | |
|---|---|
| **Teideal:** | **Bainisteoir Riosca & Rialachais (Rúnaí an Bhoird)** |
| **Fostóir:** | **An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe** |
| **Leibhéal:** | **Oifigeach Riaracháin (Grád 7)** |
| **Scála Tuarastail:** | **€60,611 (Leibhéal Iontrála) – €78,795** |
| **Áit:** | **Tá a mhéid le Cianobair 60% ar Fáil** |
| **Dáta deiridh:** | **12 i.n 15ú Bealtaine 2026** |

## COMHTHÉACS LEIS AN RÓL

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC) i mí Feabhra 2021 agus tá ról ríthábhachtach aige maidir le rialachas éifeachtach, bainistíocht airgeadais, agus feidhmíocht comhlachtaí deonacha tithíochta agus comharthithíochta a chinntiú. Tá an mhaoirseacht sin ar aon dul le hAcht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil) 2019.

Is é misean ÚRCTC Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) a rialáil d'fhonn rialachas agus cobhsaíocht airgeadais a threisiú laistigh den earnáil. Baineann tábhacht ar leith leis sin le haghaidh an infheistíocht phoiblí nach beag a chosaint i dtithíocht shóisialta agus inacmhainne a chuirtear ar fáil ag CTCanna. Trí sin a dhéanamh, tá sé mar aidhm ag ÚRCTC athdhearbhú a thabhairt d'infheisteoirí, do thionóntaí, don rialtas, agus d'earnáil na CTCanna féin, agus é ag cinntiú go n-oibríonn soláthraithe tithíochta sóisialta i dtimpeallacht dhea-rialáilte sheasmhach.

## SAINCHUNTAS POIST

Tá ÚRCTC ag iarraidh iarratas ar an bpost mar **Bhainisteoir Riosca & Rialachais (Rúnaí an Bhoird) (Grád 7, Oifigeach Riaracháin).** Is ról tábhachtach é seo in ÚRCTC, lena mbaineann freagracht as creataí rialachais chorparáidigh, bainistíochta riosca, agus rialaithe inmheánaigh a mhaoirsiú.

Is príomhchumasóir é an ról maidir le hionracas oibríochtúil ÚRCTC agus is gné lárnach é lena gcinntítear go gcomhlíonann an eagraíocht a hoibleagáidí reachtúla agus a riachtanais cuntasachta poiblí. Tá an fheidhm freagrach as struchtúir láidre rialachais agus creat seanbhunaithe bainistíochta riosca a dhearadh agus a bhainistiú lena dtugtar tacaíocht do chur chuige rialála bunaithe ar riosca ÚRCTC.

Gníomhóidh an sealbhóir poist mar Rúnaí an Bhoird agus beidh sé/sí i gceannas ar an bhfoireann Rialachais agus Comhlíontachta maidir le tuairisciú agus faisnéis ar ardchaighdeán a ullmhú don Bhord agus dá Choistí. Agus é/í ag obair go dlúth mar chuid den Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí, cinnteoidh an Bainisteoir Rialachais &

Riosca cur chuige stuama agus comhleanúnach maidir le riosca agus comhlíontacht ar fud na bhfeidhmeanna rialála, dlíthiúla agus corparáideacha uile.

## PRÍOMHDHUALGAIS & PRÍOMHFHREAGRACHTAÍ

Is iad seo a leanas na príomhdhualgais agus na príomhfhreagrachtaí:

**Rúnaí an Bhoird agus Comhordú Rialachais  agus Ceannaireachta:** Bheith i gceannas ar ullmhúchán, ar dhearbhú cáilíochta, agus ar sheachadadh tráthúil páipéar uile don Bhord agus do na fochoistí dá chuid agus oibriú éifeachtach fheidhm Rúnaíocht an Bhoird á chinntiú. Is é a bheidh i gceist leis sin obair a dhéanamh ar fud ÚRCTC chun a chinntiú go gcuirtear an léargas straitéiseach agus an tsoiléire ar fáil le haighneachtaí uile atá riachtanach le haghaidh cinnteoireacht éifeachtach.

**Creat Rialachais:** Creat Rialachais Chorparáidigh ÚRCTC a fhorbairt agus a bhainistiú. Áirítear leis sin nuashonruithe a dhréachtú chun athruithe a léiriú sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus ag cinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí rialachais uile ag teacht leis an Acht Tithíochta (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialú) 2019.

**Comhlíontacht & Tuairisciú Reachtúil:** Oibleagáidí comhlíontachta um rialachas corparáideach ÚRCTC a threorú, lena n-áirítear an Ráiteas Rialachais a ullmhú don Tuarascáil Bhliantúil agus ag cinntiú go bhfuil tuairisceáin reachtúla uile a bhaineann le rialachas a chuirtear isteach chuig an Roinn beacht agus tráthúil.

**Rialú & Iniúchadh Inmheánach:** Chun a ghníomhú mar an príomhphointe teagmhála don fheidhm Iniúchta Inmheánaigh. Cur i bhfeidhm phlean an iniúchta inmheánaigh a bhainistiú, ag cinntiú go ndéantar feabhsuithe próisis inghníomhaithe de na moltaí ar fud ÚRCTC.

**Bainistíocht Riosca:** An creat Bainistíochta Riosca a fhorbairt agus a bhainistiú. Is é a bheidh i gceist leis sin ceardlanna riosca a éascú le cinn na rannóg, anailís a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe, agus tuarascálacha ar riosca ardleibhéil a ullmhú don Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí (FBS), don Choiste Iniúchóireachta & Riosca agus don Bhord.

**Sainchomhairle:** Treoir theicniúil agus nótaí faisnéise a chur ar fáil don lucht bainistíochta sinsearaí agus don Bhord maidir le cúrsaí casta rialachais chorparáidigh agus bainistíochta riosca, rioscaí ag teacht chun cinn, agus forbairtí beartais a bhaineann le rialachas, ag obair le Gnóthaí Dlí ar ábhair óna dteastaíonn léirmhíniú reachtúil nó dlíthiúil.

**Bainistíocht Daoine:** An fhoireann Rialachais agus Comhlíontachta a threorú agus a fhorbairt, agus cur i gcrích éifeachtach chlár oibre na foirne á chinntiú agus ag tacú le forbairt ghairmiúil.

**Dualgais Eile:** Tabhairt faoi aon dualgais eile de réir mar a ordóidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i gcomhréir le leibhéal agus cineál an róil.

## CRITÉIR CHÁILITHEACHTA

Ní mór d'iarratasóirí na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh sula gceapfar iad:

- Cáilíocht tríú leibhéal ábhartha (Leibhéal 7 CNC ar a laghad) nó cáilíocht ghairmiúil atá ábhartha don ról.

## CRITÉIR FHÍOR-RIACHTANACHA

- Taithí ghairmiúil 5 bliana ar a laghad i ról a bhí dírithe ar rialachas, ar riosca nó ar chomhlíontacht.
- Bainistíocht faisnéise; taithí chruthaithe maidir le tuarascálacha nó páipéir ardleibhéil a ullmhú do Bhord nó do chomhlacht maoirseachta comhchosúil.
- Forbairt creata; taithí a léiriú ar dhréachtú agus ar fhorbairt beartas, nósanna imeachta agus clár riosca ar bhonn suntasach.
- Cumas cruthaithe chun daoine a threorú agus a bhainistiú go héifeachtach, ag cinntiú go mbaintear torthaí amach de réir ardchaighdeáin le comhsheasmhacht agus tráthúlacht

## TAITHÍ INMHIANAITHE:

- Taithí ar iniúchadh; taithí dhíreach ar thimthriall an Iniúchta Inmheánaigh a bhainistiú agus ar idirchaidreamh a dhéanamh le soláthraithe iniúchta sheachtraigh.
- Eolas ar chomhthéacsanna rialála tithíochta, seachbhrabúsacha, airgeadais nó earnála poiblí.

**Ní mór údarú neamhchoinníollach a bheith ag iarrthóirí chun cónaí agus oibriú in Éirinn.**

## PRÍOMHINNIÚLACHTAÍ MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT ÉIFEACHTACH AG AN nGRÁD SEO

### Scileanna Idirphearsanta & Cumarsáide

- Forbraíonn agus cothaíonn sé/sí caidreamh oibre dearfach, táirgiúil agus tairbheach.
- Cuireann sé/sí eolas i láthair go soiléir, go gonta agus go muiníneach trí scríobh trí labhairt le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.
- Bíonn tionchar aige/aici go héifeachtach ar dhaoine eile chun beart a dhéanamh.

### Torthaí a Bhainistiú & a Sholáthar

- Treoraíonn agus spreagann sé/sí an fhoireann chun daoine aonair a fhorbairt agus chun feidhmíocht a uasmhéadú
- Pleananna cuimsitheacha oibríochtúla agus foirne a fhorbairt.

- Déantar obair agus acmhainní a phleanáil agus tugtar tús áite dóibh ar bhonn éifeachtach laistigh den fhoireann.
- Sainaithnítear agus cuirtear chun cinn tionscnaimh go réamhghníomhach a bhfuil tionchar acu maidir le rialachas, riosca agus comhlíontacht.

**Breithiúnas, Anailísiú & Cinnteoireacht**

- Déanann sé/sí cinntí tráthúla eolasacha éifeachtacha agus léiríonn sé/sí breithiúnas maith agus cothromaíocht agus cinntí nó moltaí á dhéanamh aige/aici.
- Bailíonn sí/sé agus anailísíonn sé/sí eolas ó fhoinsí ábhartha, cibé acu eolas airgeadais, eolas uimhriúil, nó eile, agus réimse tosca criticiúla á mheas.
- Cuireann sé/sí ceisteanna níos leithne, cláir, íogaireachtaí, agus impleachtaí gaolmhara ar bith san áireamh agus cinntí á ndéanamh aige/aici

**Saineolas**

- Tuiscint láidir ar chreataí rialachais agus cuntasachta na hearnála poiblí lena n-áirítear comhlíonadh CCCSR (an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú), comhlíontacht, straitéisí riosca agus rialachas i dtimpeallacht rialáilte.
- Eolas grinn ar chreataí bainistíochta riosca a fhorbairt agus a leabú agus an cumas maoirseacht a dhéanamh ar shainaithint rioscaí, ar mheasúnú agus ar phleanáil maolaithe riosca.
- An cumas tacú le Rialachas éifeachtach an Bhoird agus na gCoistí lena n-áirítear tuairisciú ardchaighdeáin, cruinn, comhlíontach agus tuisceanach trí phróisis éifeachtacha athbhreithnithe agus bailíochtaithe.

## SCÁLA PÁ

Oifigeach Riaracháin Ghrád 7 – €60,611 – €62,095 – €63,826 – €65,563 – €67,300 – €68,852 – €70,442 – €71,982 – €73,518 – €76,149[1] – €78,795[2]

*[1] I ndiaidh 3 bliana de sheirbhís shásúil ar a mhéad.*

*[2] I ndiaidh 6 bliana de sheirbhís shásúil ar a mhéad.*

### Nóta Tábhachtach

**Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála ar aon dul le beartas an rialtais. D’fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme go díreach roimh an gceapachán, más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís é/í an t-iarrthóir rathúil.**

## INCHÁILITHEACHT CHUN DUL SAN IOMAÍOCHT

Ní mór d’iarrthóirí incháilithe a bheith:

a. Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Tá an LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
b. Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
c. Saoránach den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó

d. Saoránach neamh-LEE a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici: nó
e. Duine dár dámhadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015, nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó
f. Saoránach neamh-LEE ar tuismitheoir linbh chleithiúnaigh é nó í ar saoránach de chuid bhallstát LEE é nó í, agus a chónaíonn i mballstát LEE nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici

## OBAIR CHUMAISC

Tá ÚRCTC tiomanta do sheachadadh den scoth maidir lenár réimse leathan seirbhísí agus do cháilíocht ár seirbhís do chustaiméirí. Sa chomhthéacs seo, tá beartas oibre cumaisc curtha i bhfeidhm ag ÚRCTC agus ár dtiomantas á choinneáil againn do sheachadadh seirbhísí ar an gcaighdeán is airde. Tá gach fostaí i dteideal iarratas a dhéanamh ar obair chumaisc a mhéid le cianoibriú 40% sa tréimhse phromhaidh agus 60% tar éis go n-éireoidh leo an promhadh a chur i gcrích go rathúil.

## UAIREANTA FREASTAIL

Is iad na gnáthuaireanta gnó don ÚRCTC ná 9in go 5rn, ó Dé Luain go Dé hAoine.

## SAOIRE BHLIANTÚIL

Is é 25 lá an tsaoire bhliantúil don ról seo, a mhéadófar le himeacht ama ag brath ar sheirbhís. Tá sé sin bunaithe ar sheachtain cúig lá agus níl laethanta saoire poiblí reachtúla san áireamh ann.

## Réamhsheirbhís sa Státseirbhís a Ríomh maidir le Ceapachán nó Ardú Céime go Post Nua.

Féadfaidh oifigigh seirbhíse a cheapfar nó a bhfuair ardú céime chuig post nua an liúntas saoire bliantúla atá acu faoi láthair a choinneáil más rud é go bhfuil sé níos mó ná an liúntas a bheadh i bhfeidhm murach sin. Tá sé seo faoi réir nach sáraítear an t-uasliúntas a bhaineann leis an bpost nua, áfach.

## SOCHAIR EILE MAIDIR LE BHEITH AG OBAIR DON ÚRCTC

- Post buan inphinsin
- Tuarastal earnála poiblí agus ardú pá ar bhonn incriminteach ag baint leis (scála Ghrád 7)
- Uaireanta oibre solúbtha laistigh de theorainneacha sainithe
- Deiseanna forbartha pearsanta trí oideachas acadúil atá urraithe ag fostóirí, saoire staidéir íoctha agus cláir oiliúna agus forbartha inmheánacha.
- Timpeallacht oibre dhinimiciúil agus idirghníomhach
- Deiseanna dul chun cinn gairme
- Éascú ticéad taistil Coigiltis Cánach agus Scéim um Rothaíocht chun na hOibre
- Páirceáil ar an láthair le haghaidh rothar
- Oifig nua-aimseartha i lár na cathrach, suite in aice le Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, atá inrochtana go héasca ar an DART, agus go leor bealaí bus

## AOISLIÚNTAS, SCOR & SEIRBHÍSIGH PHOIBLÍ ROIMHE SIN

Is é 66 an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha (ag ardú go 67 agus 68) i gcomhréir le hathruithe ar aois an Phinsin Stáit.

**Aois Scoir:** cinnfear í sin i gcomhréir leis na ciorcláin ábhartha ó ranna rialtais.

## AN PRÓISEAS ROGHNAITHE

### Conas Iarratas a Dhéanamh

Comhlánaigh an fhoirm iarratais ina hiomláine agus cuir isteach í tríd an tairseach iarratais ar líne An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe **faoi 12in, 15 Bealtaine 2026.**

Tá clár earcaíochta agus iarratais ÚRCTC tacaithe ag Sigmar Ltd.
Dícháileofar iarratasóirí go huathoibríoch má dhéanann siad canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil ar a son. Ba chóir aon cheisteanna a dhíriú chuig ahbrajobs@sigmar.ie.

### D’fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis an bPróiseas Roghnaithe:

- Triail infheidhmeachta
- Eolas Teicniúil nó cleachtadh bunaithe ar scileanna
- Iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an eolas atá ina bhfoirm iarratais
- Agallamh tosaigh/réamhagallamh
- Cur i láthair nó cleachtaí eile
- Agallamh iomaíoch deiridh
- Aon tástáil nó cleachtadh eile a mheastar a bheith iomchuí

Ina theannta sin, ní mór d’iarratasóir a n-éiríonn leis/léi a bheith ceart go leor de réir leighis chun dul i mbun an cheapacháin.

Seolfaidh ÚRCTC próiseas gearrliostaithe. Sa phróiseas sin, roghnófar roinnt iarrthóirí lena gcur faoi agallamh ar iarrthóirí iad, bunaithe ar scrúdú ar na foirmeacha iarratais, ar dócha gurb iad na hiarrthóirí is oiriúnaí don phost. Scrúdóidh bord saineolaithe na foirmeacha iarratais de réir critéir réamhchinnte bunaithe ar riachtanais an phoist. Ní hionann sin agus a rá go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach nó éagumasach chun tabhairt faoin bpost, ach go bhfuil roinnt iarrthóirí a dhealraíonn sé go bhfuil cáilíochtaí níos fearr acu nó go bhfuil taithí ábhartha níos fearr acu, bunaithe ar a bhfoirm iarratais. Is ar mhaithe leat féin atá sé mar sin cuntas mionsonraithe cruinn a thabhairt ar do cháilíochtaí/taithí ar an bhfoirm iarratais.

Má dhiúltaíonn duine dá ndéantar tairiscint dó/di, nó má dhiúltaíonn sé/sí é tar éis dó/di an post a ghlacadh, nó má thagann aon fholúntas breise chun cinn, féadfaidh

ÚRCTC, dá rogha féin, iarratasóirí ón bpróiseas seo a mheas lena gceapadh chuig aon fholúntas comparáideach eile laistigh de thréimhse dhá mhí déag.

Tá ÚRCTC tiomanta do bheartas comhdheise.

## DÁTA DEIRIDH

Ní mór d'iarratas a chur isteach tríd an tairseach iarratais ar líne An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ahbrajobs.com) faoi **12in, 15 Bealtaine 2026.**

Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 24 uair an chloig ón iarratas a chur isteach, téigh i teagmháil le ahbrajobs@sigmar.ie. Eiseofar nuashonruithe feachtais chuig do sheoladh ríomhphoist cláraithe, mar a iontráladh é ar an tairseach iarratais ar líne.

Moltar duit do ríomhphoist a sheiceáil ar bhonn rialta le linn an chomórtais agus tú a bheith cinnte, ina dteannta sin go seiceálann tú fillteáin dramhaíola/turscair más trí dhearmad a dhéantar aon ríomhphost a scagadh.

## NA hACHTANNA UM CHOSAINT SONRAÍ, 1988, 2003 AGUS 2018

Soláthraíonn Sigmar Recruitment Ltd., ina cháil mar Phróiseálaí Sonraí, seirbhísí earcaíochta thar ceann an Údaráis Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC), an Rialaitheoir Sonraí. Cruthóidh Sigmar taifead i d'ainm, ina mbeidh faisnéise phearsanta a sholáthair tú. Ní úsáidtear an taifead sin ach chun d'iarrthóireacht a bhreithniú agus a mheas amháin, agus má éiríonn leat, cuirfear do chuid son sonraí pearsanta ar aghaidh chuig ÚRCTC. Tá próiseáil sonraí pearsanta faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí atá leagtha amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2013 agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).
Faoin RGSC, tá ábhair shonraí a bpróiseálann ÚRCTC a gcuid sonraí i dteideal cearta áirithe a fheidhmiú maidir lena sonraí pearsanta. Is féidir leat iarratas a dhéanamh chun aon cheann de na cearta sin a fheidhmiú saor in aisce trí theagmháil a dhéanamh leis an OCS ag dpo@ahbregulator.ie. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin dóigh a bpróiseálann ÚRCTC sonraí pearsanta, féach ar ár Ráiteas Príobháideachais le do thoil: https://www.ahbregulator.ie/legal-compliance/privacy-statement/

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin dóigh a bpróiseálann Sigmar do chuid sonraí pearsanta, féach an Ráiteas Príobháideachais: https://www.sigmarrecruitment.com/privacy-statement.

Mura bhfuil tú sásta le láimhseáil iarratais ar Chosaint Sonraí a dhéanann tú le ÚRCTC, nó má chreideann tú go bhfuiltear ag teip ar ÚRCTC maidir lena chuid oibleagáidí um chosaint sonraí, déan teagmháil le OCS ÚRCTC le do thoil.

Tabhair faoi deara go bhfuil an ceart agat freisin gearán a chur isteach chuig an gCoimisinéir Cosanta Sonraí: https://forms.dataprotection.ie/contact.